**Caingean arna tabhairt an 7 Iúil 2023 — Washtower IP v EUIPO – LG Electronics (WASHTOWER)**

**(Cás T-376/23)**

(2023/C 296/49)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Washtower IP BV (Hengelo, an Ísiltír) (ionadaí: L. Fresco, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* LG Electronics, Inc. (Súl, Poblacht na Cóiré)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh 'WASHTOWER' – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 193 675

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí maidir le cealú

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 26 Aibreán 2023 i gCás R 412/2022-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus gníomh cealaithe LG Electronics a dhíbhe nó, de rogha air sin, an cinneadh sin a chur ar neamhní agus an cás a tharchur ar ais chuig an mBord Achomhairc lena athbhreithniú;

— a ordú do EUIPO agus don pháirtí eile sna himeachtaí a gcostais féin a íoc agus costais an iarratasóra a íoc

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 12 Iúil 2023 – Ergotopia v EUIPO (WellBack)**

**(Cás T-388/23)**

(2023/C 296/50)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ergotopia GmbH (Darmstadt, an Ghearmáin) (ionadaí: A. Biesterfeld-Kuhn, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh 'WellBack' – Iarratas Uimh. 18 682 838